Daonlathas parlaiminteach na hÉireann

THE IRISH TIMES

Daonlathas parlaiminteach ina bhfuil trí chuid is ea Éire. Tá feidhmeanna agus cumhachtaí foirmiúla an Uachtaráin forordaithe sa Bhunreacht. Feidhmíonn an tUachtarán, nach bhfuil ról feidhmiúcháin ná polasaí aige nó aici, cumhachtaí ar chomhairle an Rialtais. Tá sé de chumhacht ag an Uachtarán, áfach, Bille a chur faoi bhráid na Cúirte Uachtaraí chun breithiúnas maidir lena bhunreachtúlacht a fháil, nó diúltú Dáil Éireann a dhíscaoileadh. Roimh 1937, ba le ceann an rialtais agus ní leis an gceann stáit a bhain an teideal Uachtarán na hArd-Chomhairle, agus ba é an seanascal a chomhlíonadh cuid mhaith de na dualgais a bhaineann leis an uachtaránacht anois.

Uachtaráin na hÉireann



Dubhghlas de hÍde (1938-1945)

Seán T. Ó Ceallaigh (1945-1959)

Éamon de Valera (1959-1973)



Erskine Childers (1973-1974)

Cearbhall Ó Dálaigh (1974-1976)

Pádraig Ó hIrghile (1976-1990)

Máire Mhic Róibín (1990-1997)

Máire Mhic Ghiolla Íosa (1997 -)

I gcomhar le

Houses of the Oireachtas
Tithe an Oireachtais

Is as Bunreacht na hÉireann a eascraíonn feidhmeanna agus cumhachtaí Thithe an Oireachtais. Ghlac an pobal an Bunreacht i bpobalbhreith an 1 Iúil 1937 agus tháinig sé i bhfeidhm an 29 Nollaig 1937.

Tá dhá Theach reachtais ann: Dáil Éireann agus Seanad Éireann. Toghtar comhaltaí na Dála – an teach íochtarach – go díreach. Roghnaítear comhaltaí Sheanad Éireann ar bhealaí éagsúla.

An Chéad Dáil

Agus deireadh leis an gcéad chogadh domhanda, ghlac Sinn Féin clár polasaí raidiciúil neamhláithrithe in olltoghchán 1918, a ghair an Bhreatain. Bhuaigh an páirtí 73 suíochán as 105 suíochán a leithroinneadh ar Éirinn i bparlaimint Westminster.

Tionóladh an chéad chruinniú de Dháil Éireann i dTeach an Ard-Mhéara, áras cónaithe Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath, tráthnóna an 21 Eanáir. D'fhreastail 29 ionadaí tofa de chuid Shinn Féin ar an gcruinniú. Díobh siúd nach raibh i láthair, bhí 35 acu sa phríosún, bhí ceathrar acu "ar a gcoimeád" agus níorbh fhéidir le cúigear eile a bheith ann.

Níor mhair an seisiún ach dhá uair a chloig. Ghlac an Dáil Bunreacht agus cheadaigh Forógra Neamhspleáchais ("Faisnéis Neamhspleadhchuis"). Tríd an méid sin a dhéanamh, dhearbhaigh an Dáil go raibh a cuspóirí féin ag leanúint as cuspóirí cheannairí Éirí Amach 1916 trí pharlaimint, rialtas agus poblacht d'Éirinn a bhunú.

Sa lá atá inniu ann is 166 comhalta atá sa Dáil, a thoghtar tríd an ionadaíocht chionmhar, agus is iad sin a thoghann an Taoiseach agus an Rialtas ina dhiaidh sin. Déanann an Rialtas reachtaíocht a mholadh don Dáil.

Teach Laighean, mar a bhfuil Dáil Éireann agus Seanad Éireann lonnaithe ó 1922. Teach Chill Dara a thugtaí air ar dtús, é ainmnithe as James Fitzgerald, Iarla Chill Dara, a choimisiúnaigh tógáil an fhoirgnimh idir 1745 agus 1747.

Coistí parlaiminte: Bunaíonn an Dáil agus an Seanad coistí chun caiteachas a mhaoirsiú, chun faireachán a dhéanamh ar chúrsaí rialtais agus chun bearta i mBillí a bhreithniú. Tar éis díospóireachta sa dá Theach, déantar vótáil ar bheart agus, má ritear é, téann sé chun an Uachtaráin lena shíniú sula dtagann sé chun bheith ina dhlí.

Seanad Éireann: Tionóil 60 comhalta, a bhí ann ar dtús ó 1922 go 1936, ar cuireadh deireadh leis ach a athshuíodh, móide athruithe, sa bhliain 1937. Is féidir leis an Dáil rialú gan glacadh le moltaí ón Seanad. Rollaí gairme agus céimithe ollscoile a thoghann na comhaltaí, agus ainmníonn an Taoiseach aon duine dhéag acu.

An tAontas Eorpach: Faoi nós imeachta ar a dtugtar comhchinneadh, is féidir le comhaltaí náisiúnta de Chomhairle Airí na hEorpa tionchar a imirt ar chinntí a mholann an Coimisiún Eorpach. Tá na hAirí freagrach do Thithe an Oireachtais.

Dáil Éireann: Tionóladh den chéad uair í, Eanáir 1919, sa Seomra Cruinn i dTeach an Ard-Mhéara i mBaile Átha Cliath. 166 Comhalta atá anois inti, arna dtoghadh tríd an ionadaíocht chionmhar.

1800

Le hAcht na hAontachta, comhcheanglaítear Ríocht na hÉireann agus Ríocht Aontaithe na Breataine, déantar aon ríocht amháin díobh – Ríocht Aontaithe na Breataine agus na hÉireann – agus díscaoiltear parlaimint na hÉireann.

1829

Leis an Acht um Fhaoiseamh do Chaitlicigh, baintear na srianta a bhí ar Chaitlicigh a gcuid sulochán a ghlacadh i dTeach na gCómántach, tar éis feachtais faoi stiúir Dhónaill Uí Chonaill.

1886

Teipeann, le 30 vóta, ar an gcéad Bhille um Rialtas Dúchais a chuireann príomh-aire Gladstone na Breataine faoi bhráid Theach na gCómántach.

1914

Ritear an tAcht um Rialtas Dúchais ach ní chuirtear i bhfeidhm é.

1916

Éirí Amach na Cásca i mBaile Átha Cliath. Cuirtear na ceannairí chun báis.

1919

Tionóltar an chéad Dáil tar éis thoghchán 1918.

1921

Cuireann an Rí Seoirse V tús le parlaimint Thuaisceart Éireann i Halla na Cathrach i mBéal Feirste an 22 Meitheamh.

1921

Síniltear an Conradh Angla-Éireannach an 6 Nollaig. Glacann toscaireacht na hÉireann le stádas Tíarnais laistigh d'impireacht na Breataine.

1922 - 1923

An Cogadh Cathartha idir lucht tacaíochta an Chonartha agus a lucht freasúra. Maraítear Micheál Ó Coileáin, ardcheannasaí an airm náisiúnta i lúcháin i gCo. Chorcaí, mí Lúnasa 1822. Deireadh leis an gCogadh Cathartha, Bealtaine 1923.

1932

Téann Fianna Fáil isteach sa rialtas den chéad uair, faoi cheannas Éamoin de Valera, agus déantar uachtarán na hArd-Chomhairle de siúd.

1937

Bunreacht na hÉireann.

1939 - 1945

I rith an Dara Cogadh Domhanda, glacann Éire neamhspleách seasamh neodrach.

1949

Fógraítear Poblacht na hÉireann.

1956

Téann Éire isteach sna Náisiúin Aontaithe.

1973

Téann Éire isteach sa Chomhphobal Eorpach (AE anois) in éineacht leis an mBreatain agus an Danmhairg. Naoi náisiún a líon anois.

2002

Tosaíonn Éire ar airgeadra an Euro a úsáid, tar éis a bheith ina comhaltas de limistéar airgeadra an Euro ó 1999.